5.0 Ceisteanna Fite ina Chéile

Tá fócas láidir i gcuspóirí an Phlean Corparáideach seo ag Comairle Contae Luimnigh ar na seirbhísí príomshrutha traidisiúnta ina bhfuil sí freagrach, ach déantar cuimsiú ann freisin ar fhreagrachtaí nua i réimsí mar chuimsiú sóisialta, caighdeán na beatha agus rannpháirtíocht an phobail. Ag aithint na fírinne nach bhfuil an dá ról neamhspleách ar a chéile, admhaítear sa phróiseas comhairleoireachta idir-ranna ar tugadh faoi in ullmhú an Phlean go gcaithfear na seirbhísí príomhshrutha a sheachadadh ar bhealach cuimsitheach a léireoidh tiomantas na Comhairle do fheabhsú caighdeán beatha mhuintir Chontae Luimnigh anois agus amach anseo. Aithnítear, mar sin, ceisteanna áirithe atá fite ina chéile agus ag a mbeidh éifeacht ar an modh ar a ndéanfaidh an Chomhairle seachadadh ar a cuid seirbhísí, le saolré an Phlean agus ina dhiaidh, mar a leanas:

5.1 Straitéis Bhord Forbartha an Chontae 2002-2011

Aithníonn fís 10 mbliana seo d'Fhorbairt Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha Chontae Luimnigh, agus gurbh í atá ina creatlach do fhorbairt polasaí agus seirbhísí poiblí i gContae Luimnigh go dti 2011, na Príomhchuspóirí Straitéiseacha seo leanas:

- Infrastruchtúr ardchaighdeán a thabharfaidh tacaíocht agus cothú do phobail
- Eacnamaíocht láidir comhardaithe
- Infrastruchtúr Sóisialta a fhreagraíonn do riachtanais na ndaoine
- Seirbhísí ardchaighdeán poiblí atá éifeachtach agus inrochtain
- Sochaí ina ndéantar forbairt inbhuanaithe ar achmhainní an Chontae

Leis na cuspóirí seo a fheidhmiú tugtar tosaíocht sa Straitéis do dhá théama.

(a). FORBAIRT CHOTHROM GHEOGRAFAIGH

Díríonn an téama seo ar phleanáil spásúil agus easpaí infrastruchtúra. Is ann do cheithre fho-théama agus a spriocanna féin ag gach ceann díobh le tabhairt faoi riachtanais an chontae.

Fo-théamaí	Cuspóirí
Bailte Móra	Forbairt a dhéanamh ar cheithre bhaile mór an Chontae le go láidreofaí iad mar áiteanna cónaithe, tráchtála agus tionsclaíochta.
Ceantair Uirbeacha	Soláthar agus áisiúlacht a dhéanamh ar rochtain ar Sheirbhísí ar áiseanna a bhaineann le ceantair uirbeacha sa lá ata inniu ann.
Ceantar Inbhear na Sionainne	Forbairt a dhéanamh ar achmhainní Inbhear na Sionainne.

5.0

Bailte, Sráidbhailte agus Ceantair Thuaithe	Feabhas a chur ar na bailte mar lárionaid tráchtála agus cónaithe chomh maith le cosaint agus caomhnú a dhéanamh ar na sráidbhailte agus na ceantair thuaithe.

(b). **CAIGHDEÁN NA BEATHA**

Is é aidhm an téama seo forbairt inbhuanaithe eacnamaíochta a chur chun cinn mar bhunchoch ag tacaíocht sóisialta a éascóidh cothromaíocht rochtana ar gach gné den saol. Tá seacht bhfo-théama ann agus a n-aidhmeanna féin ag gach ceann díobh le freastal ar riachtanais an chontae.

Fo-théamaí	**Cuspóirí**
An Eacnamaíocht	Forbairt a dhéanamh ar eacnamaíocht fhorásach agus ar acmhainn infhorbartha.
An Comhshaol	An comhshaol a chosaint agus achmhainní nadúrtha a úsáid ar bhealach inbhuanaithe.
Oideachas Saoil	Forbairt a dhéanamh ar chóras oideachais a thugann caoi do gach aon duine seirbhís ardchaighdeán oideachais saoil a rochtain.
Sláinte agus Stíleanna Maireachtála	Seirbhís ardchaighdeán sláinte a sholáthar agus daoine a ghríosadh le tabhairt faoi stíleanna folláine maireachtála agus a bheith gníomhach i réimse níos leithne fóillíochta.
Pobail Ghníomhacha Comhionannas	Gníomhaíochtaí deonacha a chur chun cinn. Sochaí níos cothroime a chruthú trí chur chun cinn a dhéanamh ar chomhdheiseanna agus tuiscint ar mhionlaigh.
Tacaíocht Teaghlach	Tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh le gur féidir leo a bheith lán-rannpháirteach i saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha an Chontae.

Agus a Plean Corparáideach á ullmhú aici, thóg Comhairle Contae Luimnigh ceann dá tiomantas faoin Straitéis agus dá ról mar ghníomhaireacht chinnireachta ar an mBord Forbartha Contae. Léiríonn an Plean Corparáide dá bhrí sin, an ról a bheidh ag Comhairle Contae Luimnigh sna cúig bhliana atá romhainn maidir le réalú na gcuspóirí straitéiseacha do fhorbairt an Chontae agus beidh na Stiúrthóireachtaí ar leith feasach ar a bhfreagrachtaí maidir leis seo agus a Plean Bliantúil Oibriúcháin á ullmhú aici.

5.0

5.2 Cuimsiú Sóisialta

Foireann de ghníomhaíochtaí dearfacha lena gcumasaítear baill uile an tsochaí lena bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha an tsochaí.

Is é an sainmhiniú atá ag Páirtnéireacht 2000 ar eisiamh sóisialta ná:

"Imeallú carnach ó tháirgeadh (dífhostaíocht), ó thomhaltú (bochtaineacht), ó líonraí sóisialta (pobal, teaghlach agus comharsana), ó dhéanamh cinnte agus ó leorchaighdeán beatha".

Is féidir go gciallódh eisiamh sóisialta eisiamh ó chuid, nach gá gurbh ionann agus iomlán, na ngnéithe den saol laethúil a meastar a bheith gnách. Is féidir go gcuimseodh sé bochtaineacht. Is iad na ceithre ghné den saol laethúil gur féidir duine a eisiamh uathu ná:

- Fostaíocht nó oideachas
- Neamhábaltacht maidir le hinacmhainn ar earraí agus ar sheirbhísí
- Neamhábaltacht a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí pobail, spóirt nó cultúrtha
- Neamhábaltacht a bheith rannpháirteach i ndéanamh cinnte

Tá cruthú sochaí níos cuimsithí trí mhaolú a dhéanamh ar eisiamh sóisialta, ar bhochtaineacht agus ar easpa ar cheann de na mórdhúshláin in Éirinn. Tá cuimsiú sóisialta aitheanta ar cheann de na príomhcheisteanna san Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus aithníonn Comhairle Contae Luimnigh gur ceann dá príomhchúraim é freagairt do riachtanais na ndaoine áitiúla.

Tá mórpháirt le comhlíonadh ag Comhairle Contae Luimnigh i mbaint amach na gcuspóirí a leagadh amach sa Straitéis Náisiunta Frithbhochtaineachta (SNFB), go háirithe maidir leis na grúpai seo leanas:

- Daoine a fhulaingíonn Míbhuntáiste Tuaithe agus Bochtaineacht Uirbeach
- Daoine gan dídean
- Seanóirí
- Páistí agus Daoine Óga
- Imircigh agus mionlaigh eitneacha
- Daoine faoi Mhíchumas
- Mná
- Lucht Siúil

Ní mór don Chomhairle Contae aird a thabhairt ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta agus an Eisiata Sóisialta 2003-2005 (PGNB/Cuimsiú) agus na tascanna a leagtar amach d'Údaráis áitiúla faoin mBille Míchumais 2004 agus sa Phlean Rannóige don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúl a foilsíodh le déanaí.

Is eol do Chomhairle Contae Luimnigh an ról atá aici maidir le tabhairt faoi eisiamh sóisialta agus i mí na Samhna 2003 ghlac sí ballraíocht i Líonra Foghlama Frith-Bhochtaineachta an Rialtais Áitiúil, a dtugann an GCB tacaíocht dó.

Tá Comhairle Contae Luimnigh ag obair, i bpáirtnéireacht le gníomhaireachtaí eile ar Choiste na mBeartas um Chuimsiú Sóisialta

5.0

leis an mBord Forbartha Contae, le haghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le heisiamh sóisialta i gContae Luimnigh

Tá Cuimsiú Sóisialta aitheanta mar bhunchuspóir ag an bPlean Corparáideach lena tiomantas a léiriú maidir le prionsabail an chuimsithe agus na rochtana a neadú sna seirbhísí éagsúla uile a sholáthraíonn sí.

Tá cuimsiú sóisialta áirithe anseo mar cheist atá fite ar cheisteanna eile le treisiú leis an teachtaireacht gur freagracht corparáideach i bpáirt atá i gceist agus go bhfuil tionchar aici ar ghníomhaíochtaí gach Stiúrthóireachta ar leith agus ar sheachadadh seirbhísí.

5.3 Forbairt Inbhuanaithe

Is é sainmhíniú is coitianta a thugtar ar fhorbairt inbhuanaithe ná 'forbairt a thagann le riachtanaisí an lae inniu gan cúngú a dhéanamh ar chumas na nglúine atá le teacht chun freastal ar a riachtanais féin.'

Aithnítear forbairt inbhuanaithe mar bhunluach ag Comhairle Contae Luimnigh sa Phlean seo agus cuirtear béim air freisin sa ráiteas misin. Cuireadh go mór le cur chun cinn na forbartha inbhuanaithe i ngnóthaí uile na Comhairle trína chomhcheangal leis an bpobal i gcoitinne mar chuid dá chúram forleathnaithe um rialachas áitiúil. Is é seo a bhí i gceist leis na Treoirlínte Rialtais ar Chlár Áitiúil 21: I dTreo Pobail Inbhuanaithe Áitiúla, a rinne iarracht ar rannpháirtíocht na bpobal a tharraingt isteach in aithint agus i gcothromú ar riachtanais eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil.

Trí phróiseas an CSP go háirithe beidh an pobal i gcoitinne rannpháirteach i gceapadh polasaí leis an gComhairle a threorú lena na seirbhísí a sholáthar le freastal ar riachtanais agus tosaíochtaí áitiúla. Leis an meicníocht seo is féidir coincheap an inbhuanaithe mar a bhaineann sé le pobail áitiúla a neadú sna polasaithe agus sna cleachtais uile feasta, ní amháin le deimhin a dhéanamh de chothromaíocht níos fearr idir fhorbairt agus chaomhnú ach le caighdeán níos fearr beatha a sheachadadh do mhuintir Chontae Luimnigh.